Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 1 Lúnasa 2022
(OR. en)

11711/22

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0221(NLE)**

| | |
|---|---|
| **COASI 115** | **AGRI 349** |
| **ASIE 53** | **TRANS 519** |
| **CFSP/PESC 1055** | **ENV 786** |
| **RELEX 1075** | **ENER 387** |
| **COHOM 84** | **ECOFIN 792** |
| **CONOP 68** | **EDUC 281** |
| **COTER 199** | **CULT 79** |
| **WTO 135** | **CLIMA 388** |
| **JAI 1078** | **MIGR 227** |
| **DEVGEN 157** | **ASEM 18** |

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 1 Lúnasa 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 353 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Rialtas na Malaeisia, den pháirt eile |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 353 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 353 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 1.8.2022
COM(2022) 353 final

2022/0221 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Rialtas na Malaeisia, den pháirt eile**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

I mí na Samhna 2004, d'údaraigh an Chomhairle an Coimisiún chun caibidlíocht a dhéanamh i ndáil le Creat-Chomhaontuithe aonair Comhpháirtíochta agus Comhair leis an Téalainn, leis an Indinéis, le Singeapór, leis na hOileáin Fhilipíneacha, leis an Malaeisia agus le Brúiné. Cuireadh tús leis an gcaibidlíocht leis an Malaeisia i mí Feabhra 2011 tar éis comhaontú idir Uachtarán an Choimisiúin Barroso agus Príomh-Aire na Malaeisia, Najib Razak, chun an chaibidlíocht a thosú i mí Dheireadh Fómhair 2010. Tugadh an chaibidlíocht i gcrích tar éis an 11ú babhta di an 12 Nollaig 2015. Chuir an dá thaobh inisealacha leis an gComhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair in Putrajaya an 6 Aibreán 2016.

Bhí baint ag an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí agus ag seirbhísí an Choimisiúin leis an bpróiseas caibidlíochta. Chuathas i gcomhairle leis na Ballstáit le linn an phróisis caibidlíochta ag cruinnithe de Mheithleacha ábhartha na Comhairle. Cuireadh Parlaimint na hEorpa ar an eolas go tráthrialta le linn na caibidlíochta.

Measann an Coimisiún gur comhlíonadh na cuspóirí a leag an Chomhairle síos ina treoracha maidir le caibidlíocht an Chomhaontaithe agus gur féidir an dréacht-Chomhaontú a thíolacadh lena shíniú agus lena thabhairt i gcrích.

An 5 Lúnasa 2016, chuir an tArdionadaí agus an Coimisiún na Tograí Comhpháirteacha faoi bhráid na Comhairle le haghaidh Cinntí ón gComhairle maidir le síniú agus tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta agus Comhair, mar chomhaontú ('de chuid an Aontais amháin') idir an tAontas Eorpach agus an Mhalaeisia. Cé gur aontaigh na Ballstáit sa Mheitheal um an Áise-an Aigéine (COASI) le substaint an Chomhaontaithe, bhí siad ar aon tuairim gur cheart an Comhaontú a shíniú agus a thabhairt i gcrích mar Chomhaontú 'measctha'. Dhearbhaigh Coiste Bhuanionadaithe Rialtais na mBallstát (COREPER) an seasamh sin go foirmiúil an 17 Márta 2017, agus d'iarr sé ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí an togra a athbhreithniú dá réir chun meascacht agus cur i bhfeidhm sealadach a chur san áireamh. Maidir leis an gComhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair a athrú go comhaontú 'measctha' agus forálacha nua maidir le cur i bhfeidhm sealadach a chur isteach, mar aon leis an sainmhíniú ar Pháirtithe chun meascacht a léiriú, pléadh agus comhaontaíodh na nithe sin i bprionsabal ina dhiaidh sin i gcomhar le hidirbheartaithe na Malaeisia.

An 4 Iúil 2018, chuir an tArdionadaí agus an Coimisiún Togra Comhpháirteach nua faoi bhráid na Comhairle le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú an Chreat-Chomhaontaithe (mar chomhaontú measctha) agus maidir lena chur i bhfeidhm go sealadach. Mar sin féin, cé gur aontaigh an Mhalaeisia le meascacht an Chomhaontaithe, b'fhearr léi gan an Comhaontú a chur i bhfeidhm go sealadach. Ag cruinniú COREPER an 3 Aibreán 2019, ghlac na Ballstáit go foirmiúil gan an Comhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair a chur i bhfeidhm go sealadach agus thángthas ar chomhaontú i bprionsabal le hidirbheartaithe na Malaeisia ina dhiaidh sin ar bhonn an Chomhaontaithe in 2016 ar cuireadh inisealacha leis, comhaontú ar cuireadh sainmhíniú nua ar Pháirtithe isteach ann chun meascacht a léiriú.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur toradh é an togra nua ón gCoimisiún ar mhalartú litreacha idir na Príomh-Idirbheartaithe lena soiléirítear go bhfuil an Comhaontú á shíniú ag Rialtas na Malaeisia thar ceann na Malaeisia ina hiomláine, rud a thugann an leibhéal cónaidhme agus an leibhéal stáit araon le fios. Trí é a shíniú, bheadh rún á chur in iúl ag Rialtas na Malaeisia ceangal a chur ar an Malaeisia ina hiomláine, lena n-áirítear Stáit Sabah

agus Sarawak. Tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe mar a luaitear in Airteagal 58 den Chomhaontú, bheadh an Mhalaeisia ina hiomláine faoi cheangal ag an gComhaontú.

Baineann an togra seo leis an ionstraim dlí lena dtugtar an Comhaontú i gcrích.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

### 2.1. Aidhm agus ábhar an chomhaontaithe

Is é an Comhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair an chéad chomhaontú déthaobhach riamh idir an tAontas agus an Mhalaeisia agus glacann sé ionad chreat dlíthiúil Chomhaontú Comhair 1980 idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus ballstáit Chomhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas atá ann faoi láthair.

Tá gealltanais atá ceangailteach ó thaobh dlí sa Chomhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair agus ar cuid lárnach iad de bheartas eachtrach an Aontais, lena n-áirítear forálacha maidir le cearta an duine, neamhleathadh, frithsceimhlitheoireacht, an Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta, imirce agus cánachas.

Leathnaíonn an Comhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair go mór an raon feidhme le haghaidh rannpháirtíocht fhrithpháirteach i réimse na heacnamaíochta agus na trádála agus i réimse an cheartais agus na ngnóthaí baile. Neartaíonn an Comhaontú an comhar i réimse leathan réimsí beartais trí chéile, lena n-áirítear cearta an duine, neamhleathadh arm ollscriosta, frithsceimhlitheoireacht, an comhrac in aghaidh an éillithe agus na coireachta eagraithe, trádáil, imirce, an comhshaol, fuinneamh, an t-athrú aeráide, iompar, eolaíocht agus teicneolaíocht, fostaíocht agus gnóthaí sóisialta, oideachas, talmhaíocht, cultúr, etc. Áirítear ann freisin forálacha chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint. Tá roinn thábhachtach maidir le comhar trádála sa Chomhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair freisin, lena réitítear an bealach chun an chaibidlíocht leanúnach maidir leis an gcomhaontú saorthrádála a thabhairt i gcrích.

Ó thaobh na polaitíochta de, is céim thábhachtach é an Comhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair leis an Malaeisia chun ról an Aontais san Áise Thoir Theas a neartú, bunaithe ar luachanna uilíocha comhroinnte amhail an daonlathas agus cearta an duine. Réitíonn sé an bealach chun feabhas a chur ar an gcomhar polaitiúil, réigiúnach agus domhanda idir dhá chomhpháirtí atá ar aon intinn le chéile. Beidh tairbhí praiticiúla don dá thaobh i gceist le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta agus Comhair, agus is é a bheidh ina bhonn le leasanna polaitiúla agus eacnamaíocha níos leithne an Aontais a chur chun cinn.

Bunaítear Comhchoiste leis an gComhaontú a dhéanfaidh faireachán ar fhorbairt an chaidrimh dhéthaobhaigh idir na Páirtithe. Áirítear sa Chomhaontú clásal neamhfhorghníomhaithe lena ndéantar foráil maidir leis an bhféidearthacht cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe a chur ar fionraí i gcás ina sáraítear eilimintí bunriachtanacha.

### 2.2. Bunús dlí an chinnidh atá beartaithe

Foráiltear le hAirteagal 218(6)(a)(iii) CFAE, i gcás ina mbunaíonn comhaontú creat sonrach institiúideach trí nósanna imeachta um chomhar a eagrú, go nglacfaidh an Chomhairle cinneadh lena dtabharfar an comhaontú i gcrích tar éis di toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa.

Braitheann an bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(6) CFAE go príomha ar chuspóir agus ar ábhar an Chomhaontaithe. De réir an chásdlí, má léirítear le scrúdú ar bheart de chuid an Aontais go bhfuil dhá chuspóir á saothrú leis nó go bhfuil dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann amháin díobh sin a shainaithint mar phríomhchuspóir nó mar

phríomh-chomhpháirt, agus an ceann eile mar chuspóir teagmhasach nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an beart sin a bhunú ar bhunús dlí aonair, eadhon an bunús dlí a éilítear de réir an phríomhchuspóra nó na príomh-chomhpháirte. Go heisceachtúil, má shuitear, ar an taobh eile, go bhfuil roinnt cuspóirí á saothrú ag an am céanna leis an mbeart, nó go bhfuil roinnt comhpháirteanna ann, agus iad nasctha go dlúth le chéile gan aon cheann acu a bheith teagmhasach le hais na comhpháirte eile, sa chaoi go bhfuil forálacha éagsúla den Chonradh infheidhme, ní mór an beart a bheith bunaithe ar na bunúis dlí chomhfhreagracha éagsúla (féach, chuige sin, breithiúnais an 10 Eanáir 2006, *an Coimisiún* v *an Pharlaimint agus an Chomhairle*, C-178/03, EU:C:2006:4, míreanna 42 agus 43; an 11 Meitheamh 2014, *an Coimisiún* v *an Chomhairle*, C-377/12, EU:C:2014:1903, mír 34; an 14 Meitheamh 2016, *an Pharlaimint* v *an Chomhairle*, C-263/14, EU:C:2016:435, mír 44; agus an 4 Meán Fómhair 2018, *an Coimisiún v an Chomhairle (an Chasacstáin)*, C-244/17, ECLI:EU:C:2018:662, mír 40).

Tagann príomhaidhm nó príomh-chomhpháirt an Chomhaontaithe faoi réimse an chomhair um fhorbairt.

Ar an ábhar sin, is é Airteagal 209 CFAE, á léamh i gcomhar le hAirteagal 218(6)(a) CFAE, ba cheart a bheith ina bhunús dlí leis an gcinneadh atá beartaithe.

### 2.3. Cineál dlítheanach

Léirítear san anailís ar raon feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta agus Comhair gur tugadh de chumhacht don Aontas leis na Conarthaí gníomhú i ngach réimse a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta agus Comhair. Ar bhonn na hanailíse dlíthiúla sin, mhol an tArdionadaí agus an Coimisiún an dréacht-chomhaontú, lena shíniú agus lena thabhairt i gcrích, mar chomhaontú 'de chuid an Aontais amháin' ar dtús. Thairis sin, mheas an tArdionadaí agus an Coimisiún go raibh an nós imeachta daingniúcháin maidir le teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta agus Comhair mar chomhaontú 'de chuid an Aontais amháin', nós imeachta atá i bhfad níos giorra agus níos intuartha, ag teacht le leasanna an Aontais i ndáil le leanúint ar aghaidh go mear le cur chun feidhme an Chomhaontaithe.

Mar a luaitear thuas, áfach, d'iarr na Ballstáit sa Chomhairle (Meithleacha COASI an 21 Meán Fómhair 2016 agus COREPER an 17 Márta 2017) d'aon toil ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí an Comhaontú a thiontú ina chomhaontú measctha agus cur i bhfeidhm sealadach ag gabháil leis. De réir an tseasaimh sin agus chun nach gcuirfí moill sa Chomhairle ar an Aontas Eorpach an Comhaontú a shíniú agus a thabhairt i gcrích, chinn an Coimisiún agus an tArdionadaí caibidlíocht a dhéanamh maidir leis an gComhaontú a choigeartú agus a dtograí maidir le síniú agus tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe a athrú. Mar sin féin, cé gur chomhaontaigh an Mhalaeisia cur i bhfeidhm sealadach ar dtús, b'fhearr léi ina dhiaidh sin gan an Comhaontú a chur i bhfeidhm go sealadach.

Dá bhrí sin, moltar sa dréacht atá i gceangal leis seo go dtabharfaí an Comhaontú i gcrích mar chomhaontú measctha.

### 2.4. An gá atá leis an gcinneadh atá beartaithe

Foráiltear in Airteagal 216 CFAE go bhféadfaidh an tAontas comhaontú a thabhairt i gcrích le tríú tír amháin nó níos mó i gcás ina bhforáiltear amhlaidh sna Conarthaí nó i gcás inar gá comhaontú a thabhairt i gcrích chun ceann de na cuspóirí dá dtagraítear sna Conarthaí a ghnóthú faoi chuimsiú bheartais an Aontais, nó i gcás ina ndéantar foráil maidir le comhaontú a thabhairt i gcrích i ngníomh Aontais atá ceangailteach ó thaobh dlí nó i gcás inar dóchúil go

ndéanfadh an comhaontú difear do na rialacha comhchoiteanna nó go n-athróidís a raon feidhme.

Déantar foráil sna Conarthaí maidir le comhaontuithe amhail an Comhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair a thabhairt i gcrích, eadhon in Airteagal 209 CFAE. Thairis sin, is gá an Comhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair a thabhairt i gcrích chun cuspóirí dá dtagraítear sna Conarthaí a bhaint amach, faoi chuimsiú bheartais an Aontais.

Dá bhrí sin ní mór an Comhaontú a thabhairt i gcrích thar ceann an Aontais.

2022/0221 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Rialtas na Malaeisia, den pháirt eile

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, go háirithe Airteagal 209, á léamh i gcomhar le hAirteagal 218(6)(a) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do thoiliú ó Pharlaimint na hEorpa,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh [XXX] ón gComhairle an […][1], síníodh an Creat-Chomhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Rialtas na Malaeisia, den pháirt eile ('an Comhaontú'), thar ceann an Aontais an […], faoi réir a thabhairt i gcrích tráth níos faide anonn.

(2) Is é cuspóir an Chomhaontaithe an comhar a neartú i réimse leathan réimsí beartais trí chéile, lena n-áirítear cearta an duine, neamhleathadh arm ollscriosta, frithsceimhlitheoireacht, an comhrac in aghaidh an éillithe agus na coireachta eagraithe, trádáil, imirce, an comhshaol, fuinneamh, an t-athrú aeráide, iompar, eolaíocht agus teicneolaíocht, fostaíocht agus gnóthaí sóisialta, oideachas agus talmhaíocht.

(3) Is comhthuiscint é, de bhun Airteagal 58(1) den Chomhaontú agus i gcomhréir le Bunreacht Chónaidhme na Malaeisia, gur ceangal ar an Malaeisia ina hiomláine é fógra Rialtas na Malaeisia ina gcuireann sé a thoiliú in iúl a bheith faoi cheangal ag an gComhaontú.

(4) Ba cheart an Comhaontú a fhormheas thar ceann an Aontais,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, déantar an Creat-Chomhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Rialtas na Malaeisia, den pháirt eile, a fhormheas thar ceann an Aontais.

Tá téacs an Chomhaontaithe i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

1 IO L […], […], lch. […].

Údaraítear an Coimisiún leis seo dul ar aghaidh nó an duine a ainmniú a mbeidh sé de chumhacht aige dul ar aghaidh, thar ceann an Aontais, go dtí an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 59 den Chomhaontú, chun toiliú an Aontais a bheith faoi cheangal ag an gComhaontú a chur in iúl.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*